



Cód Caighdeán Clár agus Treoirlínte

Feabhra 2012

Clár

	Lch
Réamhrá	3
Sainordú agus Freagrachtaí Reachtúla TG4	4
Cód Caighdeán Clár an Údaráis Chraolacháin	6
Prionsabail i gComhlíonadh Cuspóirí Seirbhíse Poiblí TG4	10
Freagracht TG4	11
Leasuithe ar Chaighdeán Clár agus Teoirínte TG4	11
Cumarsáid le TG4	12

Réamhrá

Seirbhís náisiúnta teilifíse Gaeilge is ea TG4 a bunaíodh de réir reachtaíochta i 1996, é maoinithe ag an Rialtas chun raon iomlán seirbhísí ardchaighdeáin ábhar a sholáthar don lucht féachana in Éirinn agus thar sáile. Is Craoltóir Seirbhíse Poiblí é.

Is é misean TG4 seirbhís mhealltach teilifíse agus ábhar nuálach Gaeilge a chur ar fáil lena ndéantar ceiliúradh ar chruthaitheacht agus ar fhéiniúlacht na hÉireann — teanga, cultúr, ceol agus spórt, agus iad curtha i láthair go tarraingteach d'fhonn caidreamh a chothú leis an lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain.

Tá sainordú reachtúil TG4 leagtha amach san Acht Craolacháin 2009 agus tá a chuspóirí leagtha amach in Alt 118 den Acht. Leagann an tAcht céanna amach na cóid agus dualgais do gach craoltóir. Tá tiomantas do chomhlíonadh a dhualgais reachtúil agus na rialacha, cóid agus dualgais seo go smior i ngach ní dá ndéanann TG4.

Tá prionsabail leagtha síos ag TG4 don eagrais trína gcomhlíonann sé a chuspóirí seirbhíse poiblí. Tá na prionsabail seo ar fáil ina Ráiteas Seirbhíse Poiblí (<http://www.tg4.ie/assets/files/Chairt-PSB.pdf>). Tugann na prionsabail seo san áireamh na cóid agus na rialacháin chraolacháin freisin agus feictear iontu ár gcaighdeán clár agus ár bprionsabail. Tá ar fáil thíos achoimre ar na príomh-théamaí agus tá trácht níos mine orthu níos faide síos sa gcáipéis seo. Déanfaidh TG4:

- Ábhar clár go príomha i nGaeilge a sholáthar.
- Cúram den na hairíonna éagsúla dá bhfuil cultúr phobal na hÉireann uile comhdhéanta agus cás ar leith do na hairíonna a shainíonn an Ghaeltacht.
- Na caighdeáin is airde macántachta eagarthóireachta a chinntiú, ina measc oibiachtúlacht, cothroime agus cruinneas.
- Gan aon rud a chraoladh a dhéanfaidh díobháil ná dochar, coiriúlacht a ghríosadh ná an bonn a bhaint d'údarás an Stáit.
- Meas a léiriú ar pháistí agus ar dhaoine le míchumas.
- Meas a léiriú ar phríobháideachas daoine.
- Léiriú a thabhairt ar luachanna daonlathacha agus sóisialta phobal na hÉireann.
- Cúram den ngá le comhthuisceant agus síocháin ar oileán uile na hÉireann.
- Tacú leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh.
- Feidhmiú go freagrach.
- Luach airgid a sholáthar.

Leagann Caighdeáin agus Treoirínte Clár TG4 síos a dhualgais, a fhreagrachtaí dlíthiúla, a phrionsabail eagarthóireachta agus léiríonn cuspóir TG4 agus a thiomantas na caighdeáin is airde clár agus ábhair a bhaint amach.

Baineann na Caighdeáin agus Treoirínte Clár seo le léirithe inmheánacha TG4 agus leis an earnáil neamhspleách léiriúcháin agus í i mbun léirithe do TG4.

Sainordú agus Freagrachtaí Reachtúla TG4

Tá sainordú reachtúil TG4 leagtha síos san Acht Craolacháin 2009. Faoin reachtaíocht seo, tá dualgas ar TG4 seirbhís chraolacháin teilifíse náisiúnta a sholáthar, ar sheirbhís saorchraolta í a chuirtear ar fáil, a mhéid agus is féidir, don phobal uile ar oileán na hÉireann.

Is ar mhaithe le cur chun cinn agus forbairt na Gaeilge agus caomhnú an chultúir Éireannaigh atá seo á dhéanamh.

Is iad Altanna 118 (forálacha a bhaineann go sonrach le TG4) agus an chuid eile de Chaibidil 3 den Acht, ina leagtar síos dualgais, cuspóirí agus rialacháin atá leagtha ar chraoltóirí agus lena gcaithfidh TG4 cloí, is mó a bhaineann le lucht déanta clár do TG4, idir léirithe inmheánacha agus sheachtracha.

Leagtar síos cuspóirí TG4's in Alt 118(1) den Acht Craolacháin 2009 ar a bhfuil na forálacha seo a leanas:

1. Seirbhís craolacháin teilifíse náisiúnta, ar de ghné seirbhíse poiblí í, ar seirbhís saorchraolta í a bhunú;
2. Suíomh gréasáin agus seirbhísí teilitéacs a bhunú;
3. Cartlanna agus leabharlanna a bhunú agus a choimeád;
4. Seirbhís craolacháin teilifíse, ar de ghné seirbhíse poiblí í, agus is seirbhís a bheidh le cur ar fáil do phobail Éireannacha lasmuigh d'oileán na hÉireann, a bhunú agus a chothabháil;
5. Seirbhísí meán closamhairc neamhchraolacháin neamhlíneacha, a bhunú agus a chothabháil;
6. An tseirbhís a chur ar fáil ar gach ardán; agus,
7. Cibé deiseanna tráchtála a shaothrú a eascróidh de bhun na gcuspóirí reachtúla sin.

Tugann Alt 118(3) sainordú sonrach do TG4 agus é ag comhlíonadh a dhualgais reachtúla réimse cuimsitheach clár a sholáthar:

- atá as Gaeilge go príomha;
- a léireoidh éagsúlacht cultúir oileán na hÉireann uile;
- a sholáthróidh siamsa, eolas agus oideachas;
- a sholáthróidh tuairisciú ar ghníomhaíochtaí spóirt, reiligiúin agus cultúir;
- a sholáthróidh clár nuachta agus cúrsaí reatha go príomha i nGaeilge;
- a sholáthróidh ábhar do pháistí agus
- a sholáthróidh tuairisciú ar imeachtaí i dTithe an Oireachtais agus i bParlaimint na hEorpa.

Tugtar sainordú do TG4 freisin léiriú cultúrtha comhaimseartha a éascú nó cabhrú leis an gcéanna agus nuáil agus turgnamh i gcraolachán a spreagadh nó a chur chun cinn.

Treoraíonn Alt 118(2) den Acht do TG4 agus é i mbun na gcuspóirí:

- (a) aird a thabhairt ar leasanna agus ar chúraimí an phobail uile ag coimeádfaidh i gcuimhne a riachtanaí atá comhthuiscint agus síocháin ar fud oileán na hÉireann uile, ag cinntiú go léireoidh na cláir na hairíonna éagsúla dá bhfuil cultúr phobal oileán na hÉireann uile comhdhéanta, agus ag déanamh cás ar leith do na hairíonna a shainíonn an cultúr sin agus go háirithe do na Gaeltachtaí;
- (b) tacú leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunrecht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh;

(c) aird a thabhairt a riachtanaí atá sé an pobal a dhéanamh eolach tuisceanach ar fhiúchas agus ar thraidisiúin tíortha seachas an Stát, lena n-áirítear go háirithe Ballstáit eile.

Leagann Caibidil 3 den Acht Craolacháin 2009 síos na dualgais, cóid agus rialacháin do chraoltóirí.

Treoraíonn Alt 39(1) den Acht do gach craoltóir a chinntiú:

“(a) go ndéanfar an nuacht go léir a chraolfaidh an craoltóir a thuairisciú agus a chur i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta gan aon tuairimí de chuid an chraoltóra féin a chur in iúl;

(b) go ndéanfar, nuair a bheifear ag déileáil i gcaolacháin le cúrsaí reatha, lena n-áirítear nithe is ábhair chonspóide poiblí nó is ábhair díospóireachta reatha poiblí, cothrom na féinne a thabhairt do na leasanna uile lena mbaineann agus go gcuirfear an t-ábhar a chraolfar i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta gan aon tuairimí dá chuid féin nó dá cuid féin a nochtadh;

(d) nach gcaolfaidh sé aon ní a bhféadfaí a mheas le réasún gur ní is cúis le díobháil nó col, nó gur dóigh dó coireacht a chur chun cinn nó a ghríosú nó gur de ghné é a dhéanfadh dochar d’údarás an Stáit;

(e) nach ndéanfar, i gclár a chraolfar agus sna modhanna a úsáidfear chun na cláir sin a dhéanamh, cúngú míréasúnach ar phríobháideachas aon phearsan aonair.

Treoraíonn Alt 39(5) den Acht do chraoltóir nuair a bheifear ag déileáil i gcaolacháin le haon togra, ar togra é a bhaineann le beartas i leith craoladh, is ábhar conspóide poiblí nó díospóireachta reatha poiblí, atá faoi bhreithniú ag an Rialtas nó ag an Aire, go ndéanfar é a thuairisciú agus a chur i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta.

Is fiú a nótáil go bhfuil ráite san Acht freisin alt nach bhfuil feidhm ag míreanna (a) agus (b) i Roinn 1 thuas, a mhéid a cheanglaíonn siad ar an gcaoltóir gan a thuairimí féin nó a tuairimí féin a chur in iúl, maidir le haon chraoladh faoi alt 39 (5).

Anuas ar na dualgais reachtúla atá ceangailte maidir le hábhar clár ag an Acht Craolacháin 2009 agus ag Cód Údarás Craolacháin na hÉireann mar a léirítear thíos, tá nithe eile le tabhairt san áireamh freisin.

Ní foláir do lucht déanta clár a chinntiú nach bhfuil ábhar sa gclár a sháraíonn cóipcheart tríú páirtithe. Ní foláir dóibh a chinntiú freisin nach bhfuil an t-ábhar clúmhillteach (defamatory) ná ag díspeagadh cúirte.

Leagann Alt 42(1) agus (2) síos a bhfuil i gceist sna Cód a dhréachtóidh an tÚdarás Craolacháin agus a ndéanfaidh sé athmheas orthu ó am go ham.

Ní foláir do chraoltóirí cloí le Cód atá i bhfeidhm ag Údarás Craolacháin na hÉireann i leith caighdeán agus cleachtais chraolacháin (féach thíos).

Cód Caighdeán Clár Údarás Craolacháin na hÉireann

Tá Cód Caighdeán Clár ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus ní foláir do TG4 cloí leis an gCód sin. Déantar measúnú ar chomhall an Chóid i ndáil leis na forálacha reachtúla, leis an gCód féin agus le nósmaireachtaí, cleachtais agus polasaithe an Údaráis fré chéile. Breithníonn an tÚdarás gearáin faoi shárú ar an gCód.

Leagtar amach thíos na príomh-phrionsabail i gCód an Údaráis a bhfuil dualgas ar TG4 cloí leo. Ní foláir do lucht déanta clár (inmheánach agus seachtrach) a bheith ar an eolas go hiomlán agus aird a thabhairt ar Chód Caighdeán Clár an Údaráis, faoi mar atá siad athmheasta ó am go ham agus atá ar fáil ar a Shuíomh Gréasáin (<http://www.bai.ie/?lang=ga>). Is iad seo a leanas na príomh-ghorálacha sa gCód sin:

2.1 Caighdeán Ghinearálta Pobail

Ní sháróidh ábhar clár na caighdeáin choitianta a meastar iad a bheith inghlactha i sochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann.

2.2 Cúram Cuí

Cleachtóidh craoltóir cúram cuí trí gach beart réasúnta a ghlacadh lena chinntiú go gcosnaítear daoine a éistean agus a bhíonn ag faire ar ábhar clár ar a chainéal/seirbhís ó ábhar déistíne agus dhíobháil mhíchuí.

2.2.1 Faisnéis agus Treoir don Lucht Féachana

Mar is cuí, áireofar le cúram cuí go soláthródh craoltóir faisnéis agus treoir don lucht féachana agus feidhm á baint as ar a laghad ceann amháin de na meicníochtaí seo a leanas:

- Foláirimh a thabhairt roimh ré i leith ábhair clár a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar déistíne.
- 'Tairseach' a oibriú gur féidir ábhar clár a chraoladh atá dírithe don chuid is mó ar dhaoine fásta le linn an ama sin.
- Córas meastóireachta nó tuairisciúil a chur i bhfeidhm i leith ábhair clár.

Cuirfear faisnéis agus treoir don lucht féachana éisteachta ar fáil ar shlí atá sofheicthe agus inchloiste.

Cuirfidh craoltóirí chun cinn go rialta an mheicníocht/na meicníochtaí faisnéise agus treoir a mbaintear feidhm as/astu ar sheirbhís. Agus tairseach a chur chun cinn acu mar mheicníocht faisnéise agus treoir, sonrúidh craoltóirí na hamanna ina mbíonn sé i bhfeidhm.

2.2.2 Ionannas le Carachtair, Gníomhartha agus Cúinsí Pearsanta

Cleachtóidh craoltóirí cúram cuí agus ábhar cláir á chraoladh acu ina mbíonn carachtair, gníomhartha agus cúinsí pearsanta a bhféadfadh duine ionannas a dhéanamh leo. Cleachtóidh craoltóirí cúram faoi leith nuair a bhíonn sceidealú agus craolachán á dhéanamh acu ar ábhar cláir ina mbíonn an méid seo a leanas:

- Foréigean ghnéasach i.e. éigniú agus ionsaí gnéis
- Féin-díobháil (féinmharú san áireamh)
- Athchruthaithe de theagmhais fhíríciúla agus píosaí scannán ó chartlainn a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go diúltach ar bhreathnóir nó ar éisteoir mar gheall ar a gcúinsí pearsanta.

Soláthrófar ceann de na trí mheicníochtaí faisnéise agus treoir atá leagtha amach i 2.2.1 in éineacht le hábhar cláir den chineál sin. Soláthróidh craoltóirí freisin faisnéis agus treoir oiriúnach eile a meastar a bheith riachtanach ar nós mionsonraí maidir le línte chabhrach teileafóin ábhartha.

2.3 Cosaint do Leanaí

Aithníonn Cód Chaighdeán Clár an Údaráis go gcomhroinneann craoltóirí an fhreagracht le tuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí i.e. iadsan atá faoi bhun 18 bliana d’aois, a chosaint óna nochtadh d’ábhar cláir atá míchuí agus díobhálach.

Chuirge sin, beidh aird mar is cuí ag craoltóirí ar chosaint leanaí agus sceidealú á dhéanamh acu ar ábhar clár.

Glacfar cúram ar leith sna cúinsí seo a leanas:

- i. Agus sceidealú á dhéanamh ar ábhar a chraoltar roimh nó i ndiaidh clár gur dócha go mbeidh leanaí ag faire orthu nó ag éisteacht leo,
- ii. Agus sceidealú á dhéanamh ar ábhar cláir a chraoltar le linn an ama a mbíonn leanaí á dtabhairt ar scoil,
- iii. Agus sceidealú á dhéanamh ar ábhar cláir le linn laethanta saoire scoile nuair a athraíonn patrúin faire agus éisteachta leanaí.

2.4 Measúnú

Déanfar measúnú ar ábhar clár ag tagairt do na prionsabail agus na rialacha a n-áirítear iad sa Chód. Tá na prionsabail doroinnte – sé sin le rá, cloífidh an t-ábhar clár ar fad leis na prionsabail ar fad. Beidh craoltóirí aireach ar fhorálacha uilig an Chóid seo toisc go bhféadfaí go mbeadh ar ábhar cláir níos mó ná foráil ábhartha amháin a chomhlíonadh.

Déanfar measúnú ar ábhar cláir ina iomlán agus ina chomhthéacs. Bainfidh na tosca comhthéacsúla seo a leanas:

- Am an chraolacháin.
- An cineál cláir.
- An fheidhm a baintear as faisnéis agus treoir don lucht féachana/éisteachta.
- An cineál cainéil/seirbhíse.
- An bhfuil cur isteach an ábhair ceart ó thaobh na heagarthóireachta de.
- An comhdhéanamh gur dócha a bheidh orthusan a bheidh ag éisteacht leis an gclár nó ag faire air.

3.1 Ábhar Cláir Foréigneach

3.1.1 Mar riail ginearálta, beidh aird mar is cuí ag craoltóirí ar oiriúnacht agus/nó inchosantacht ábhar foréigneach a bheith in ábhar clár.

3.1.2 Ní mór bonn cirt láidir i gcomhthéacs fíriciúil nó ar bhonn eagarthóireachta a bheith ann chun ábhar foréigneach mar seo a leanas a bheith istigh i gclár nó ní mór dóibh a bheith inchosanta i gcomhthéacs fhorbairt scéil agus/nó carachtair:

- Foréigean ghraifeach.
- Foréigean ghnéasach i.e. éigniú agus/ nó ionsaí gnéis.
- Féin-díobháil, féinmharú san áireamh.
- Foréigean in aghaidh leanaí.

3.1.3 In ábhar cláir a bhfuil foréigean ghnéasach ann, coimeádfar mionsonraí na foréigine sin ina híosmhéid agus ní thabharfar cúlcheadú di.

3.2 Iompar Gnéasach

3.2.1 Mar riail ginearálta, beidh aird mar is cuí ag craoltóirí ar oiriúnacht agus/nó ar inchosantacht iompar gnéasach a bheith ann le linn ábhar cláir.

3.2.2 Nuair a bhíonn ábhar cláir ann ina bhfuil radhairc mhionsonraithe ghnéasacha ní mór dóibh sin a bheith inchosanta ó thaobh na heagarthóireachta de i gcomhthéacs fíriciúil nó inchosanta i gcomhthéacs fhorbairt scéil agus/nó carachtar.

3.2.3 I gcás go dtaispeánann ábhar cláir caidreamh gnéasach idir dhaoine óga faoi bhun aoise nó idir aosach agus páiste ní chuirfidh sé gníomhaíochtaí den chineál sin chun cinn nó ní chuirfidh sé in iúl go bhfuil siad dlíthiúil.

3.2.4 Ní dhéanfar nochtacht a chraoladh ach amháin nuair a bhíonn sí inchosanta de réir an chomhthéacs

3.3 Teanga Gháirsiúil agus Déistineach

3.3.1 Mar riail ginearálta, beidh aird mar is cuí ag craoltóirí ar oiriúnacht agus/nó ar inchosantacht teanga gháirsiúil agus/nó déistineach a chur isteach i gclár.

3.3.2 Beidh craoltóirí airdeallach maidir le húsáid chainte gáirsiúla/déistiní i gcláir beo agus cosnóidh siad ina coinne sin.

3.3.3 Agus iad ag aithint gur féidir le húsáid mhíchuí d'ainmneacha a mheasann lucht creidimh go bhfuil siad diaga nó naofa a bheith ina ábhar fíor-dhéistine, beidh cur chuige freagrach ag craoltóirí i leith iad a bheith i gclár agus ní mór a gcur i gclár a bheith inchosanta.

3.4 Daoine agus Grúpaí sa tSochaí

3.4.1 Beidh an chaoi ina léirítear daoine agus grúpaí sa tsochaí oiriúnach agus inchosanta.

3.4.2 Ní thacóidh ábhar clár le hidirdhealú i gcoinne aon duine nó aon chuid den phobal ach go hairithe ar bhonn aoise, inscne, stádas pósta, gur den Lucht Siúil iad, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, míchumas, cine nó reiligiún nó ní thabharfaidh sé cúlcheadú dó.

3.4.3 Glacfaidh craoltóirí bearta lena chinntiú nach ndéanann ábhar cláir steiréitíopa a shamhlú leis na daoine sin a bhfuil míchumas orthu nó nach ndéanann sé aithisiú orthu.

Beidh aird ar leith ag craoltóirí ar an gcaoi a léirítear daoine le míchumas i gcláir, lena n-áirítear an teanga a úsáidtear i gclár. Ní mór d'úsáid téarmaí coitianta maslaitheacha le linn ábhar cláir a bheith inchosanta go láidir ó thaobh na heagarthóireachta de.

3.4.4 Ní dhéanfaidh craoltóirí comhréir gan bharántas idir ghníomh coiriúil agus sláinte aigne dhéantóir coire le linn ábhar cláir a thaispeánann gníomhartha coiriúla.

3.4.5 Glacfaidh craoltóirí bearta le déistin mhíchuí a sheachaint sa chaoi a léirítear tuairimí, creidimh agus íomhánna le linn ábhar clár. Níl sé i gceist leis sin iniúchadh criticiúil ar reiligiún a chosc.

3.5 Cláir Fhíriciúla, Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Faisnéis

3.5.1 Ní bheidh ábhar i gclár fíriciúil a d'fhéadfaí a cheapadh go réasúnta faoi go ndéanadh sé dochair do dhínt an duine.

3.5.2 Ní bheidh ábhar i gclár fíriciúil a d'fhéadfaí a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh sé ina chúis mhíchiú anacra nó déistíne seachas má bhíonn sé inchosanta go réasúnta agus ar leas an phobail.

3.5.3 Ní leagfaidh clár fíriciúil béim ar aois, dath, inscne, bunús náisiúnta nó eitneach, míchumas, reiligiún nó claonadh gnéasach ach amháin nuair a bhíonn tagairtí den chineál sin inchosanta i gcomhthéacs an chláir nó ar leas an phobail.

3.5.4 Cinnteoidh clár fíriciúil go gcaitear leis na mairbh le hómós. Ní thaispeánfar pointe an bháis ná ní thaispeánfar na marbh le seat teann, ach amháin más féidir, i gcúinsí eisceachtúla, é a chosaint ar leas an phobail.

3.6 Cláir do Pháistí

3.6.1 Do chuspóirí an Chóid seo, ciallaíonn an téarma “Páiste” aon duine faoi bhun 18 bliana d’aois. Do chuspóirí an Chóid seo, ciallaíonn an téarma “Cláir do Pháistí” cláir a dtagraítear dóibh mar sin agus/nó a bhfuil próifíl lucht féachana/éisteachta acu a bhfuil 50% de faoi bhun 18 bliana d’aois.

3.6.2 Ní thaispeánfar foréigean graifeach, ábhar láidir gnéasach agus caint bhéal-láidir gharbh le linn clár do pháistí.

3.6.3 Ní thaispeánfar úsáid drugaí mídhleathacha, mí-úsáid drugaí agus/nó tuaslagóirí agus mí-úsáid alcóil nó tobac i gcláir do pháistí, ach amháin má bhíonn siad inchosanta go láidir ó thaobh na heagarthóireachta de.

3.6.4 Ní thaispeánfar réamhbhlaiseadh de chláir do dhaoine fásta a d'fhéadfadh ábhar a bheith ann nach mbreathnófaí go réasúnta air mar ábhar a bheadh oiriúnach do pháistí díreach roimh, le linn, nó díreach i ndiaidh clár do pháistí.

3.6.5 Ní thabharfaidh clár do pháistí cúlcheadú d’iompraíocht frith-shóisialta nó ní spreagfaidh sé daoine eile chun aithris a dhéanamh ar iompraíocht den chineál sin.

3.7 Míúsáid Drugaí, Alcól agus Tuaslagóirí

3.7.1 Ní chuirfidh ábhar cláir mí-úsáid drugaí agus/nó tuaslagóirí nó úsáid drugaí mí-dhleathacha chun cinn.

3.7.2 Ní chuirfidh ábhar cláir ól iomarcach nó mí-úsáid alcóil chun cinn.

3.7.3 Ní thaispeánfaidh ábhar cláir léirithe, ficseanúil nó fíriciúil, a dhéanann mionsonrú ar theicnící chun drugaí mídhleathacha a ghlacadh ach amháin má bhíonn inchosantacht láidir ann ó thaobh na heagarthóireachta de dá gcur isteach.

3.7.4 Ní thaispeánfar ar bhealach atá fabhrach leanaí ag úsáid drugaí mídhleathacha, ag mí-úsáid drugaí agus/nó tuaslagóirí, ag caitheamh tobac nó ag ól alcóil.

3.8 Iompar Aithriseach

Seachnóidh craoltóirí ábhar a chur i gclár a d'fhéadfadh daoine a spreagadh chun aithris a dhéanamh ar ghníomhartha atá contúirteach nó díobhálach don chomhshaol agus/nó do shláinte agus do shábháilteacht na ndaoine sin nó daoine eile.

Prionsabail TG4 dá chuspóirí seirbhíse poiblí

Leagann *Ráiteas Seirbhíse Poiblí* TG4 (<http://www.tg4.ie/assets/files/Chairt-PSB.pdf>) amach na prionsabail lena gcloíonn sé ag comhlíonadh na dualgais seirbhíse poiblí atá ceangailte air ag an Acht Craolacháin 2009. Is iad seo a leanas na prionsabail sin:

- Cláracha, go príomha i nGaeilge, a sholáthar agus nasc laethúil don Ghaeilge le gach teaghlach ar oileán na hÉireann.
- A chinntiú go bhfuil léiriú inár gcláracha ar na snátha éagsúla atá fite i gcultúr mhuintir na hÉireann agus aird faoi leith ar na gnéithe sainiúla den chultúr sin, na Gaeltachtaí ach go háirithe.
- A chinntiú go bhfuil léiriú inár seirbhísí ar riachtanais na bpobal Gaeltachta agus na dteaghlach sin arb í an Ghaeilge a dteanga laethúil.
- A chinntiú go bhfuil léiriú inár gcláracha ar luachanna daonlathacha agus sóisialta an tsochaí Éireannaigh.
- Cláracha a sholáthar i ngach seánra clár a chuireann eolas, siamsaíocht agus oideachas ar fáil don lucht féachana den uile aois agus aicme den phobal in Éirinn.
- Féachaint i gcónaí leis an gcaighdeán eagarthóireachta is airde macántacht agus raon ilghnéitheach ardchaighdeán clár a chur ar fáil.
- Gan aon chlaontacht eagarthóireachta a thaispeáint i nuacht ná i gcúrsaí reatha agus an tuairisceoireacht a bheith cothrom, neamhchlaonta agus oibiachtúil.
- A chinntiú nach dtarraingíonn ár gcuid craolta dochar ná olc ná nach mbaineann siad an bonn d'údarás an Stáit.
- Meas a léiriú do leanaí inár gcuid clár agus craolta fógraíochta.
- Riachtanais daoine a bhfuil míchumas fisiciúil, céadfach nó intleachtúil orthu a thabhairt san áireamh.
- Go dtugtar meas don indibhid agus nach ndéantar cúngú míréasúnta ar phríobháideachas aon indibhíde.
- Ról ceannais a ghlacadh i bhforbairt na teilifíse Gaeilge ardchaighdeán a spreagadh i gcáilíocht na gclár mar aon le tacú le tallann agus acmhainní cruthaitheacha na hearnála léiriúcháin neamhspleáiche in Éirinn.
- Bheith airdeallach ar an ngá do thuiscint agus síocháin ar fud oileán na hÉireann.

- Seasamh leis na luachanna daonlathacha atá cumhdaithe i mBunreacht na hÉireann, go háirithe iad sin a bhaineann le cearta saoirse cainte.
- A bheith airdeallach faoin ngá atá le feasacht agus tuiscint phoiblí a bhunú maidir le luachanna agus traidisiúin tíortha eile seachas an Stát, go háirithe na mBallstát san Aontas Eorpach.
- Luach airgid a chinntiú don lucht féachana agus do na geallshealbhóirí trí chur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir le craoladh ardchaighdeán agus seirbhísí agus trí mhodhanna gnó atá chomh héifeachtach agus is féidir.

Freagracht TG4

Freagraíonn TG4 do raon leathan geallshealbhóirí, go príomha ár lucht féachana, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha agus Údarás Craolacháin na hÉireann. Dá réir sin, tá sé freagrach as gach rud dá ndéanann sé, ina measc na cláir agus an t-ábhar a choimisiúnaíonn, cheannaíonn agus a chraolann sé agus as an mbealach ina gcaitheann sé an maoiniú a fhaigheann sé chuige sin. Chuige seo tá TG4 rialaithe ag raon meicníochtaí maoirsithe a bhfuil cur síos mion orthu inár Ráiteas Seirbhíse Poiblí. (<http://www.tg4.ie/assets/files/Chairt-PSB.pdf>).

Fáiltíonn TG4 roimh aiseolas ón lucht féachana, bíodh sin i nGaeilge nó i mBéarla. Geallaimid freagra iomlán a thabhairt ar gach gearán a fhaighimid maidir lenár gcaighdeán clár nó gnéithe eile den aschur. Tá dualgas ar lucht déanta clár do TG4 páirt a ghlacadh sa bpróiseas sin. Déantar cur síos i **gCód TG4 um Láimhsiú Gearán** (<http://www.tg4.ie/assets/files/laimhsiu-gearan.pdf>) ar an bpróiseas a leanfar ag déileáil le gearáin, mar aon le sonraí teagmhála agus an sprioc ama a bhaineann le freagra a fháil ó TG4 faoina leithéid. Tá an Cód sin ar fáil freisin ar Shuíomh Údarás Craolacháin na hÉireann (<http://www.bai.ie/?lang=ga>).

Leasuithe ar Chaighdeán agus Treoirínte Clár TG4

Tharlódh go ndéanann TG4 athmheas agus leasú ar na Caighdeán agus Treoirínte Clár ó am go ham agus go bhfoilsíonn na leasuithe sin. Bíonn an leagan reatha ar fáil ar an Suíomh Gréasáin (<http://www.tg4.ie/ie/corporate/background.html>).

Meabhraítear go ndéantar an t-athmheas bunaithe ar an dea-chleachtas ag ár gcomhghleacaithe mar chraoltóirí seirbhíse poiblí in Éirinn, sna tíortha Ceilteacha agus san Eoraip.

Cumarsáid le TG4

Bíonn fáilte roimh aiseolas agus cumarsáid. Seoltar iad chuig:

Pádhraic Ó Ciardha

Leas Phríomhfheidhmeannach

TG4

Baile na hAbhann

Co na Gaillimhe

padhraic.o.ciardha@tg4.ie

Fón: 091 505050

Facs: 091 505021

Tig leat dul i dteagmháil linn go díreach ar an Suíomh Gréasáin <http://www.tg4.ie/ie/corporate/tg4-team.html> / <http://www.tg4.ie/ie/contact-us.html> Tá seoltaí r phoist na mbainisteoirí agus na foirne ar fáil ansin.